



An tOifigeach  
Gaeilge sa Chlub

[www.gaa.ie](http://www.gaa.ie)





# Atmaisféar Gaeilge a Chothú sa Chlub

**Chun atmaisféar Gaelach a chothú sa chlub, ní mór d'Oifigeach na Gaeilge dul i gcomhairle leis na hoifigigh eile sa chlub agus a dtacaíocht a lorg le féachaint chuige go bhfuil na nithe atá luaite thíos as Gaeilge oiread agus is féidir.**

1. Ainm Oifigiúil an Chlub
2. Páipéarachas an chlub le hainmneacha na n-oifigeach as Gaeilge.
3. Ainm an chlub ar mhálaí, ar gheansaithe agus ar aon chultacha as Gaeilge.
4. Ainm an chlub ar bhrat oifigiúil 9 tr. x 4 tr. an chlub.
5. Clárú na n-imreoirí agus na mball.
6. Cártaí ballraíochta a bheith i nGaeilge nó dhátheangach.
7. Seicleabhar as Gaeilge.
8. Fógraí chuig imreoirí faoi chluichí, a bheith i nGaeilge nó dhátheangach.
9. Ainm na páirce.
10. An scórchlár.
11. Comharthaíocht ar na seomraí feistis, leithris agus seomra an réiteora.
12. Inscríbhinní ar bhoinn agus ar thrófaíthe as Gaeilge.

13. Ticéid le haghaidh feachtais airgid, imeachtaí sóisialta &rl. a bheith i nGaeilge nó dhátheangach.
14. Póstaeirí do chluichí agus d'ócáidí sóisialta a bheith i nGaeilge nó dhátheangach.
15. Fógraí chuig nuachtáin faoi chluichí nó faoi ócáidí sóisialta a bheith i nGaeilge nó dhátheangach.
16. Nótaí club ón Oifigeach Caidrimh Poiblí chuig na nuachtáin - an dátheangachas a bheith ag dul tríd.
17. Liosta ainmneacha na gclubanna eile sa chontae a bheith ar fáil don rúnaí as Gaeilge.
18. An clár do chluichí - bain úsáid as an dátheangachas.
19. Nuachtlitir an chlub dhátheangach.
20. Bliainiris nó stair an chlub dhátheangach.
21. Comhfhreagras ón gclub a bheith dhátheangach - agus trí Ghaeilge amháin sa Ghaeltacht agus i measc chlubanna gurb í an Ghaeilge a gcéad teanga.
22. Alt ar leith maidir le stádas na teanga agus gnéithe eile an chultúir a bheith i mbunreacht an chlub.
23. Clár cruinnithe dhátheangach.
24. Tuarascáil bhliantúil an rúnaí agus an chisteora a bheith dhátheangach.

**Ábhar scríbhneoireachta nó fógraíochta amháin tá i gceist sna moltaí thuas.**

# Creating an Irish Atmosphere in the Club

## CHECKLIST

**Always ensure that the following details are completed in Irish:**

1. The official name of the club.
2. Headed stationery - including the name of the club and officers.
3. Inscriptions on kitbags, jerseys and tracksuits.
4. Club name on the official club flag.
5. Registration of players and members.
6. Membership cards (bilingual).
7. Cheque book.
8. Fixture and meeting notices (bilingual).
9. The name of the pitch.
10. The scoreboard.
11. Signs on dressing rooms, toilets, referee's room etc.
12. Inscription on medals and trophies.

- 13.** Tickets for fundraising and social events (bilingual).
- 14.** Posters for matches and social events (bilingual).
- 15.** Newspapers advertisements for games and social events (bilingual).
- 16.** Notes in the local newspaper (bilingual).
- 17.** List of the other clubs. in the county.
- 18.** Match programmes (bilingual).
- 19.** Club newsletter (bilingual).
- 20.** Yearbook or history of the club (bilingual).
- 21.** Correspondence initiated by the club to be bilingual and in Irish only in Gaeltacht and other Irish language clubs.
- 22.** Club constitution - to have sections dealing with the language and culture.
- 23.** Meeting agenda (bilingual).
- 24.** Secretary and treasurer's report (bilingual).

# An Ghaeilge mar Theanga Chaidrimh sa Chlub

Modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach:

1. Na baill uile sa chlub a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge agus iad siúd a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu a aithint.
2. An teanga a labhairt i gcónaí leo siúd a bhfuil Gaeilge acu.
3. Coiste beag (le cead na n-oifigeach eile) a bhunú ar mhaithe le forbairt na Gaeilge taobh istigh den chlub.
4. An t-éileamh ar ranganna foirimiúla i measc na mball atá ar bheagán Gaeilge a mheas. Má tá dáréag ar a laghad ann, téigh i gcomhairle leis an gCoiste Gairmoideachais/Oifigeach Aosoideachais chun múinteoir a fháil.
5. Mura bhfuil dáréag sa chlub, téigh i gcomhairle leis an Oifigeach Gaeilge sa chontae agus is féidir leis/léi socrú a dhéanamh do ranganna i gcomhair le club eile sa cheantar.
6. Ócáidí foghlama neamhfhoirimiúla a reachtáil go rialta d'oifigigh agus do bhaill an chlub - uaireanta ní maith le daoine rang foirimiúil.
7. Cuspóir chinnte a bheith ag na ranganna agus ag na hócáidí foghlama.
8. Iarracht a dhéanamh na ranganna/ócáidí foghlama a bheith ar siúl go leanúnach ag tréimhsí áirithe gach bliain.
9. É a bheith mar nós ag na ranganna agus ag na hócáidí foghlama seo gnáthchúrsaí Chumann Lúthchleas Gael a phlé chomh maith le cúrsaí eile, m.sh. réachtáil cruinnithe, cluichí agus Scór agus scileanna i gcaidreamh poiblí.
10. Féach chuige chomh fada agus is féidir go bhfuil na daoine atá ar bheagán Gaeilge ar a suaimhneas agus tabhair cabhair agus tacaíocht dóibh.

11. Beannachtaí agus nathanna cainte Gaeilge a úsáid leis na hoifigigh agus leis na baill.
12. Iarr ar oifigigh agus ar bhaill an chlub leagan Gaeilge a n-ainmneacha a úsáid.
13. Déan iarracht an dátheangachas a spreagadh agus atmaisféar dhátheangach a chothú ag cruinnithe.
14. Ach moltaí 4 agus 6 a bheith curtha i gcríoch, déan iarracht gnó éigin ar chlár an chruinnithe a phlé trí Ghaeilge amháin.
15. Na hiomaitheoirí i “Scór Sinsear” agus i “Scór na nÓg” a spreagadh le Gaeilge a úsáid sna comórtais - Nuachleas, Bailéad Ghrúpa. Aithriseoireacht, Amhránaíocht Aonair agus Tráth na gCeisteanna.
16. Fear/Bean a’ Tí le Gaeilge a roghnú do “Scór Sinsear” agus do “Scór na nÓg”
17. Gaeilge a labhairt ag ócáidí bronnta duaiseanna/boinn agus ag ócáidí sóisialta eile.
18. Gaeilge a labhairt nuair a táthar ag fáiltiú roimh chuairoteoirí agus ag fágáil slán leo.
19. Iarracht a dhéanamh cairdeas nó teagmháil a dhéanamh le club Gaeltachta le go bhféadfadh na clubanna dul ag cuairt chuig a chéile.
20. Oíche shóisialta Ghaelach a chur ar bun tar éis na gcluichí.
21. Duine óg a cheapadh mar Oifigeach Óige Gaeilge le breathnú i ndiaidh cur chun cinn na Gaeilge i measc na n-óg.
22. “Seachtain na Gaeilge” eagrú gach bliain.

**Nóta: Tá moltaí, 15, 17, 18, 19, 20 oiriúnach mar “abhar” do mholadh 6.**



# Irish as a Spoken Language within the Club

## CHECKLIST

1. Identify members who are interested or proficient in Irish.
2. Communicate in Irish with above members.
3. Establish a sub-committee to promote Irish within the club.
4. If sufficient demand exists within the club, set up an Irish class in association with the Vocational Education Committee/Adult Education Officer.
5. If there are not sufficient members in the club, consult with the County Irish Officer or other clubs about providing classes.
6. Arrange informal Irish get-togethers or classes to cater for officers and members of the club.
7. Ensure that these activities have clearly defined objectives
8. Develop continuity by providing these learning activities on a regular basis.
9. Discuss the affairs of the G.A.A. as an integral part of these get-togethers - “Scór”, games, meetings, public relations etc.
10. Try and facilitate those with only a little knowledge of Irish to the fullest possible extend.
11. Encourage the exchange of greetings and simple phrases among officers and members.

12. Encourage the officer and members to use the Irish form of their name.
13. Conduct meetings on a bilingual basis.
14. Endeavour to discuss at least one item on the meeting agenda in Irish.
15. Encourage participants in “Scór Sinsear” and “Scór na nÓg” to use Irish to the greatest possible extent.
16. Ensure that ‘Fear/Bean a’ Tí’ selected for “Scór Sinsear” and “Scór na nÓg” has a knowledge of Irish.
17. Use Irish at all presentations and social occasions.
18. Welcome and bid farewell to visitors in Irish.
19. Encourage clubs to visit each other for social nights - “Oíche Ghaelach” or to make contacts with Gaeltacht clubs.
20. Organise Irish nights as part of the after-match social programme.
21. Appoint a young person as a Juvenile Irish Officer to look after the promotion of Irish at juvenile level.
22. Organise an “Irish Week” each year.

# An Ghaeilge a chur chun cinn in Imeachtaí Sóisialta eile lasmuigh de Chluichí agus Scór

Modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach:

1. Tacaíocht an chlub uile a fháil do phleananna agus do ghníomhaíochtaí Choiste Gaeilge an chlub.
2. Comhoibriú a fháil ó eagrais chultúrtha/teanga agus ó Ghaeilgeoirí eile an cheantair.
3. Comhoibriú leis na heagrais chultúrtha/teanga ina gcuid imeachtaí.
4. Eolas a fháil ó Oifigeach Gaeilge an Chontae faoi na himeachtaí atá á n-eagrú aige/aici agus páirt ghníomhach a ghlacadh iontu.
5. Eolas a fháil ó Oifigigh Ghaeilge chlubanna eile faoi na himeachtaí atá á n-eagrú acu agus a bheith sásta páirt ghníomhach a ghlacadh iontu.
6. Tráth na gCeistanna a eagrú do bhaill an chlub.
7. Tráth na gCeisteanna idirclubanna agus/nó eagrais eile a eagrú.
8. Díospóireachtaí a eagrú do bhaill an chlub.
9. Díospóireachtaí idirclubanna agus/nó eagrais eile.
10. Dráma a léiriú le haisteoirí ón gclub.
11. Múinteoir amhránaíochta a fháil chun amhráin as Gaeilge a mhúineadh do bhaill an chlub.
12. Múinteoir ceoil a fháil chun ceol Gaelach a mhúineadh sa chlub.
13. Céilithe curtha i láthair i nGaeilge a chur ar bun.

- 14.** Ach moltaí 10, 11, 12, 13, a bheith curtha i gcríoch, scoraíocht trí Ghaeilge a chur ar siúl. D'fhéadfaí seó uair a chloig a chur le chéile gan stró.
- 15.** Iarraidh ar na scoileanna i gceantar an chlub díospóireachtaí agus/nó tráth na gceisteanna agus/nó drámaí a chur ar fáil.
- 16.** Comórtas aistí agus/nó ealaíona a eagrú le comhobriú ó na scoileanna
- 17.** Comhoibriú le heagrais eile chun naíonraí agus Gaelscoileanna a bhunú.
- 18.** Scéim Scoláireachta chun na Gaeltachta a reachtáil le hurraíocht ón gclub.
- 19.** An Fáinne a bhronnadh ar bhaill an chlub.
- 20.** Imeachtaí eile - cártaí, gailf, saighead 7rl. a eagrú trí Ghaeilge.

# Using Irish in the Club - Using Irish at Social Events apart from Games and ‘Scór’

## CHECKLIST

1. Ensure that the Irish committee have the full support and assistance of the club.
2. Co-operative with other Irish/cultural organisations in the district.
3. Assist them in the promotion of their aims and objectives.
4. Assist in the promotion of schemes undertaken by the County Irish Officer.
5. Meet and discuss promotional ideas with Irish officers from other clubs.
6. Organise a club “Question Time”.
7. Organise inter-club or inter-organisational discussions/debates.
8. Arrange club discussions/debates.
9. Arrange inter-club/inter-organisational “Question Time”.
10. Put on a drama with club actors.
11. Encourage and arrange for Irish singing lessons within the club.
12. Encourage and arrange for Irish music lessons within the club.
13. Organise a céilí within the club.

- 14.** Organise an Irish night.
- 15.** Encourage the local schools to stage discussions, question times or drama productions.
- 16.** Organise an essay/painting competition in association with the local school.
- 17.** Assist in the setting up of pre-schools and All-Irish schools.
- 18.** Set up a Gaeltacht Scholarship Scheme.
- 19.** Present the “Fáinne” to interested club members.
- 20.** Organise other club activities through Irish, e.g. cards, golf, darts, etc.

# An Ghaeilge mar Theanga Chaidrimh ar Pháirc na hImeartha

Modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach:

1. Na himreoirí uile sa chlub a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu a aithint.
2. Na himreoirí uile sa chlub a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge a aithint agus ócáidí foglaim a chur ar fáil dóibh.
3. Iarr ar bhainisteoir nó traenálaí na foirne roinnt Gaeilge a úsáid le linn seisiúin traenála m.sh ionaid na n-imreoirí, cúl báire, lár na páirce 7rl., agus treoracha traenála a thabhairt as Gaeilge 7rl.
4. Comórtas “Seachtar-an-Taobh” a eagrú do Ghaeilgeoirí an chlub.
5. Cluichí a imirt le clubanna ón nGaeltacht.
6. Téigh i gcomhairle leis na múinteoirí Gaeilge sna bunscoileanna agus sna scoileanna iar-bhunoideachais agus iarr orthu cluichí trí Ghaeilge a chur ar bun. Bheadh comhoibriú ag teastáil b’fhéidir ó na múinteoirí corpoideachais freisin.
7. Mol do na múinteoirí comórtas, bíodh sé beag nó mór, a chur ar bun do na Gaeilgeoirí óga. Bíodh an club sásta urraíocht a chur ar fáil do bhoinn nó do thrófaíthe ar mhaithe le hoiliúnaithe le Gaeilge a fháil don chlub.
8. Ceap bainisteoir foirne a bhfuil Gaeilge aige nó aici.
9. Bíodh ballraíocht i gComórtas Peile na Gaeltachta mar sprioc fadrímhseach ag an gClub,
10. Faigh oiliúnaithe le scileanna peile a mhúineadh trí Ghaeilge sna scoileanna.

# Irish on the Playing Field

## CHECKLIST

1. Identify the players who are fluent in Irish.
2. Encourage those with an interest and a fluency in the language to use it on the playing field.
3. Encourage the team trainers and mentors to use Irish where possible.
4. Organise a “Seven a Side” competition for the Irish-speaking members.
5. Arrange matches with Gaeltacht clubs.
6. Encourage the local teachers to use Irish in the promotion and training of teams. Schools should also be encouraged to appoint qualified trainers to help pupils acquire skills through Irish.
7. Organise a competition sponsored by the club for the youngsters who speak Irish.
8. Recruit a team coach with a knowledge of Irish.
9. Set the club’s entry in “Comórtas Peile na Gaeltachta” as a longterm objective.
10. Recruit trainers who can teach football skills through Irish in schools.



- 1.**  
**Attainable objectives are set for the promotion of the language each year.**
  
- 2.**  
**Seek the full backing of the club.**
  
- 3.**  
**Get as much publicity as possible in the press, local/national T.V. and radio.**
  
- 4.**  
**Make awards to those who complete outstanding promotional work.**
  
- 5.**  
**Highlight the importance of the Irish language officer's work through its association with every club activity and stress its overall importance in promoting national identity.**

# Notes



GAA, Páirc an Chrócaigh,  
Baile Átha Cliath 3

Guthán +353 1 836 3222

Faics +353 1 836 6420

[www.gaa.ie](http://www.gaa.ie)

GAA, Croke Park,  
Dublin 3

Tel +353 1 836 3222

Fax +353 1 836 6420

[www.gaa.ie](http://www.gaa.ie)

Arna Fhoilsiú ag Coiste Naisiúnta na Gaeilge

